Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14523/1/24
REV 1
PV CONS 50
JAI 1503
COMIX 425

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

10 agus 11 Deireadh Fómhair 2024

**DÉARDAOIN, AN 10 DEIREADH FÓMHAIR 2024**

**GNÓTHAÍ BAILE**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13938/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 13939/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 13940/24

Ceartas agus Gnóthaí Baile

**1. Treoir maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha** ❶C 13760/24 + ADD 1
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 7/24
JUSTCIV

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**2. Treoir lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe** ❶C 13763/24
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 82/24
JAI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 83(1) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

**3. Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail** ❶C 13286/24 PE-CONS 96/23 PI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 118 CFAE).

**4. Treoir maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú)** ❶C 13313/24 PE-CONS 97/23 PI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114(1) CFAE, agus <u>an tSualainn</u> ag vótáil ina choinne.

<u>Teileachumarsáid</u>

**5. Rialachán maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)** ❶C 13757/24 + ADD 1 PE-CONS 100/23 CYBER
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

## RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN (COMHAIRLE SCHENGEN)

### <u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>

3. Staid ghinearálta limistéar Schengen
   (a) Baraiméadar Schengen — 13507/1/24 REV 1
   (b) Tosaíochtaí thimthriall bliantúil Chomhairle Schengen a chur chun feidhme — 13866/24
   *Seisiún tuairimíochta*
   (c) Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta
   *Staid na himeartha*

4. Éifeachtacht bheartas an Aontais um fhilleadh a fheabhsú — 13713/24
*Seisiún tuairimíochta*

5. Cur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen sa Bhulgáir agus sa Rómáin
*Staid na himeartha*

### SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**6. Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac** — 13726/1/24 REV 1
*Staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha maidir leis an Rialachán chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

**7. Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha reatha** — 13515/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na ngnóthaí baile.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

8. Iarmhairtí coinbhleachtaí seachtracha agus a n-impleachtaí don Aontas[1] — 13811/24
*Seisiún tuairimíochta*

9. Comhrac na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe — 13703/24 + COR 1
*Staid na himeartha*

---

[1] Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha EUAA, Europol agus Frontex chuig an bplé seo.

10. Aon ghnó eile

(a) Cur chun feidhme athchóirithe imirce agus tearmainn — 14291/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(b) Cur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2065 maidir le margadh aonair do sheirbhísí digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha): ceanglas um thuairisciú maidir le hábhar neamhdhleathach — 13839/24
*Faisnéis ón nGearmáin* — 13840/24

(c) Mionaoisigh agus daoine óga a earcú sa choiriúlacht trí ardáin ar líne
*Faisnéis ón tSualainn* — 13849/24

(d) An fóram réigiúnach um chosaint shibhialta (Vilnias, an 6 Meán Fómhair 2024)
*Faisnéis ón Liotuáin* — 13161/24

(e) Fóram aireachta AE-na Balcáin Thiar um Cheartas agus Ghnóthaí Baile (Montainéagró, an 28-29 Deireadh Fómhair 2024)
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

**<u>DÉARDAOIN, AN 11 DEIREADH FÓMHAIR 2024</u>**

**<u>CEARTAS</u>**

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**11. Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha reatha** — 13515/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

12. Comhrac na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe[2] — 13703/24 + COR 1
*Staid na himeartha*

13. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac[2] — 13216/24
*Staid na himeartha*

14. Rochtain ar cheartas a chothú i gcomhthéacs an smachta reachta agus an iomaíochais — 13797/24
*Seisiún tuairimíochta*

---

[2] Tugtar cuireadh don ghníomhaireacht Eurojust a bheith i láthair don mhír seo.

15. Comhrac an chiníochais: tuarascáil ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta frithchiníochais[3] — 13809/24, 13819/24
*Seisiún tuairimíochta*

16. Aon ghnó eile
(a) An frithsheimíteachas a chomhrac: forbairtí i réimse an fhrithsheimíteachais a chomhrac[3]
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
(b) Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha[3] — 14119/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*
(c) Aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.
*Faisnéis ón Uachtaránacht*
(d) Tuarascáil 2024 maidir leis an smacht reachta — 13686/24
*Faisnéis ón tSlóivéin*
(e) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise
*Faisnéis ón gCoimisiún* — 13161/24
(f) Fóram aireachta AE-na Balcáin Thiar um Cheartas agus Ghnóthaí Baile
(Montainéagró, an 28-29 Deireadh Fómhair 2024)
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

[3] Tugtar cuireadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chuig an bplé seo.

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 13940/24</u>**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Tacaíonn an Eastóin le haidhm na Treorach agus is féidir léi aontú leis an gcuid is mó dá réitigh. Mar sin féin, fágann an bealach a rialaítear an dlí nós imeachta leis an Treoir go bhfuil ábhair imní bhunúsacha ann maidir le bunphrionsabail dlí Ballstáit.

Is é sin, tá clásal comhchuibhithe uasta sa Treoir, agus ar an gcaoi sin, rialaítear go cuimsitheach nochtadh fianaise in ábhair dhliteanais i leith táirgí lochtacha freisin. Fágann an comhchuibhiú uasta go bhfuil córas speisialta inár ndlí ina bhfuil feidhm ag rialacha éagsúla, agus is ábhar imní é sin. Go sonrach, bheadh sé níos deacra do ghearánaí cúnamh a iarraidh ar an gcúirt chun fianaise a bhailiú i gcásanna dliteanais i leith táirgí lochtacha ná in imeachtaí dlíthiúla eile, sna himeachtaí sin ina nglactar le neamhionannas na bpáirtithe agus sna himeachtaí sin ina nglactar le comhionannas na bpáirtithe.

Mhínigh an Eastóin le linn na caibidlíochta nár cheart ábhar na gcaingne nós imeachta a bheith difriúil go míréasúnta bunaithe ar ábhar sonrach na díospóide. Is é an toradh a bheadh air sin ilroinnt an dlí, easpa soiléireacht dhlíthiúil agus, níos tábhachtaí fós, páirtithe a bheith á láimhseáil ar bhealaí difriúla sna himeachtaí. D'fhéadfadh sé seo a bheith ag teacht salach ar ár mBunreacht. Tharraingíomar aird ar an gcaoi ar córas aontaithe é dlí nós imeachta Ballstáit ina bhfuil codanna éagsúla den dlí nós imeachta nasctha agus cothromaithe le codanna eile den dlí nós imeachta. Dá bhrí sin, chun soiléireacht dhlíthiúil agus cóir chomhionann a áirithiú do na páirtithe sna himeachtaí, ba cheart dúinn smaoineamh ar na rialacha ginearálta maidir le nochtadh fianaise inár ndlí nós imeachta sibhialta intíre a athrú go dtí a bhfuil sa Treoir. Mar sin féin, ní mheasaimid gur féidir é sin a dhéanamh toisc nár cheart cur isteach den sórt sin ar an dlí náisiúnta a bheith mar chuspóir le dlí an Aontais.

Ina theannta sin, is é Airteagal 81 CFAE, lena rialaítear comhar breithiúnach trasteorann, an bunús dlí chun imeachtaí cúirte sibhialta san Aontas Eorpach a rialáil. I gcás an bhunúis dlí sin, déantar faireachán an-chúramach i gcónaí le nach gcuirfeadh na rialacha a cruthaíodh isteach ar dhlí nós imeachta náisiúnta na mBallstát. Is é Airteagal 114 CFAE, lena rialaítear bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, bunús dlí na Treorach seo. Creidimid gur cheart na breithnithe cúramacha céanna a thabhairt agus an bunús dlí sin á chur i bhfeidhm agus dlí nós imeachta na mBallstát á rialáil ag an am céanna. Mar shampla, Treoir amháin atá ann cheana a bhfuil bunús dlí an mhargaidh inmheánaigh léi, lena ndéileáiltear le himeachtaí cúirte sibhialta agus a bhfuil an clásal maidir le nochtadh fianaise inti chomh maith, níl ach éifeacht comhchuibhithe íosta aici (an Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha). Cuireann sé sin ar chumas na mBallstát a rialacha a bhunú ar an dlí náisiúnta agus ar a dtraidisiúin dhlíthiúla.

Ar deireadh, ní fhéadfaidh dlí an Aontais dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach. Mar sin féin, léirítear le foclaíocht na rialacha maidir le nochtadh fianaise (sa chuid oibríochtúil agus san aithris) gurb é an aidhm atá ann idirghabháil a dhéanamh i ndlí nós imeachta an Bhallstáit, agus córas speisialta á chruthú ag an am céanna chun fianaise a bhailiú sa réimse sonrach a bhaineann le hábhair dhliteanais i leith táirgí lochtacha, agus sa réimse sin amháin. Tá sé fós dothuigthe conas a bheadh údar maith leis an gcomhchuibhiú uasta sa chás seo (lena n-áirítear conas atá údar maith lena rialáil ar bhealach difriúil ná mar a dhéantar i réimsí eile ina nglactar le neamhionannas na bpáirtithe freisin). Thairis sin, ní dhearnadh measúnú ar an bhfíorthionchar atá ag an gcomhchuibhiú uasta sin ar dhlí nós imeachta náisiúnta agus ar chórais dlí náisiúnta na mBallstát. Is é ár dtuairim nach bhfuil sé comhréireach an cuspóir atá idir lámha a bhaint amach leis an réiteach a mhínítear thuas.

Go hachomair, creideann an Eastóin nach iomchuí an cur chuige a roghnaíodh maidir le nochtadh fianaise sa Treoir seo, agus coinneoimid súil ghéar ar thograí eile le nach leanfar an cur chuige sin arís.’

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH POLAITIÚIL Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go dtugtar cúraimí breise do ENISA leis an Rialachán seo, ar cúraimí iad a bhfuil ualach oibre breise mar thoradh orthu agus ar ghá acmhainní breise ina leith, ó thaobh saineolais agus fórsa saothair araon de. I bhfianaise an mhéid sin, chun a chur ar chumas ENISA na cúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh go héifeachtach, measann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh gá lena acmhainní a mhéadú, go háirithe a acmhainní daonna agus an saineolas leormhaith a ghabhann leis sin. D'fhéadfaí foráil a dhéanamh don mhéadú sin sa nós imeachta bliantúil a bhaineann le plean bunaíochta ENISA. Dá réir sin, maidir leis an gCoimisiún, atá freagrach as na meastacháin a measann sé gá a bheith leo do phlean bunaíochta ENISA a iontráil i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh a leagtar amach in Airteagal 314 CFAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa Ghníomh um Chibearshlándáil, déanfaidh sé measúnú ar na meastacháin do phlean bunaíochta ENISA arna n-iontráil don chéad bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus aird á tabhairt ar na hacmhainní is gá, go háirithe acmhainní daonna, chun a chur ar chumas ENISA a chúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh go leormhaith.